12 Márta 2019

Eisíodh cinneadh don iarratas um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta le haghaidh cóiríocht chónaithe ag An Athbhuaile, Cill Chomhghaill, Co. Chill Mhantáin

Tagairt Cháis: ABP-302552-18

Dhiúltaigh An Bord Pleanála cead don fhorbairt bheartaithe de 267 aonad cónaithe agus oibreacha gaolmhara, a bhí curtha isteach ag Kimpton Vale Limited ag An Athbhuaile, Cill Chomhghaill, Co. Chill Mhantáin.

Cuireadh an t-iarratas chuig an mBord Pleanála ar an 11 Meán Fómhair 2018 agus rinneadh cinneadh air ar an 13 Nollaig 2018. Bhí sé seo roimh an spriocdháta de 09 Eanáir 2019. Rinne Ordú Leasaitheach Boird ina dhiaidh sin ar an 13 Feabhra 2019 chun earráid chléireachais san Ordú bunaidh a cheartú; níl aon athrú ar an gcinneadh.

Bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí san áireamh sa phróiseas iarratais agus lean sé críochnú comhairliúcháin réamhiarratas leis an mBord Pleanála agus an údarás áitiúil oiriúnach.

Tá na príomhcháipéisí maidir le cinneadh an Bhoird (Ordú Boird, Treoir an Bhoird, Tuairisc an Chigire) ar fáil ar an leathanach cáis ag an nasc seo a leanas:

- Leathanach cáis d'ABP-302552-18

Is féidir eolas d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag www.pleanála.ie. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.